

An tÓgrastal

Cruinniú Cinnbhliana Ógras

2016

Ionad Carmelite, Baile Átha Cliath 2

An tÓgrastal
Ionad Carmelite, Baile Átha Cliath 2
8 Deireadh Fómhair, 2016
An Clár

12.00m.l.	Fáilte
12.05i.n.	Tuairisc Bhliantúil
12.10 i.n.	Caint an Chathaoirligh
12.20i.n.	Na Toghcháin
12.25i.n.	Cur i láthair (i)Lámhleabhair na gClubanna (ii) Réamhscrúdú an Gharda Síochána – E Vetting (iii)Cláracha
12.50i.n.	Plé i nGrúpaí (a) Cad iad na riachtanaisí traenála atá ann (b) Cad iad na bealaí is fearr le daoine óga idir14-17bl d’aois a mhealladh chuig an chlub (c) Cad iad na ceardlanna, imeachtaí, turais gur mhaith leis na clubanna do 2016-17
1.15i.n.	Aiseolas ó na grúpaí
1.25i.n.	Crannchur
1.30i.n.	Deireadh leis an chruinniú & Lón
2.00i.n.	Cúrsa Ceannaireachta (<i>Dóibh siúd nach bhfuil an cúrsa déanta acu cheana féin</i>) (i) Obair Óige (ii) Ról an Cheannaire (iii) Riarachán
3.40i.n.	Ceisteanna & Freagraí
4.00i.n.	Críoch

Cruinniú Cinnbhliana 2016

TREOIR DON TUARASCÁIL

An Clár	2
Reamhrá	4
Rialacha Seasta na Comhdhála	6
Miontuairiscí 2015	7
Imeachtaí	10
Campaí Samhraidh	15
Féilire 2016	16
An Coiste Stiúrtha	17
Ainmniúcháin do na Toghcháin	19
Na Rúin	20

Reamhrá

Is cúis áthais dom an tuarascáil bhliantúil seo a chur os bhur gcomhar. Bhí tréimhse an-ghnóthach ag Ógras ón Ógrastal deireannach. Thosaigh muid amach i Mí Eanáir ag obair ar Phlean Straitéise 2016-20 agus d'eirigh linn é sin a chur i gcríoch ag tús an tsamhraidh. Ó shoin tá an fhoireann ag obair ar phleananna agus ar chláracha chun a chinntiú go neiríonn le hÓgras na spriocanna ata leagtha síos sa Phlean Straitéise a bhaint amach.

Tá trí phríomh réimse gur gá díriú isteach air:

- (i) Earcú agus traenáil ceannairí deonacha
Cabhair agus tacaíocht a chur ar fáil do cheannairí chun a chinntiú go bhfuil gach club ag cloí leis na cailíochtaí naisiúnta do chlubanna óige mar atá siad leagtha síos ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.
Iniúchadh a dhéanamh ar scileanna agus inniúlachtaí gach ceannaire. An Clár Oiliúna d'Oibrithe Deonacha *Ag Tosú Amach* de chuid an NYCI a chur i bhfeidhm gach bliain. Coistí réigiúnacha do cheannairí a fhorbairt i gcomhair líonrú a dhéanamh, d'oiliúint, tacaíochta agus le heolas agus taithí a chomhroinnt.
- (ii) Forbairt Cláracha do na clubanna
Níos mó clubanna do dhaoine óga idir 14-17 bliain d'aois a bhunú
- (iii) Beartais Tacaíochta – Ógras a fhorbairt mar eagraíocht éifeachtach
Na caighdeáin a chomhlíonadh atá bunaithe le hobair óige ar ardchaighdeán a sholáthar faoin gCreat um Chaighdeáin Chailíochta Náisiúnta (CCCN).
An Cód um Dhea-Rialachas a chur i bhfeidhm d'Ógras agus a chinntiú go gcomhlíontar an Reachtaíocht Catharnachta.
Go mbeadh gach ceannaire ar an eolas faoin bpolasaí agus na nósanna imeachta a bhaineann le cosaint leanaí agus leas na ndaoine óga agus go mbeadh seo mar thosaíocht de gach gníomhaíocht agus clár.
An tsamhail airgeadais atá i bhfeidhm a thacódh le forfheidhmiú na straitéise seo.

Chomh maith le sin tá Ógras Teo. anois cláraithe leis an tÚdarás Carthanais i dTuaisceart Éireann agus le HM Revenue. Bhí orainn an chéim seo a thógáil chun deis a thabhairt dúinn maoiniú a lorg sa Tuaisceart.

Chomh maith le sin bhí imeachtaí náisiúnta agus réigiúnda ar siúl ar fud na tíre ag clubanna Ógras. D'fhreastal slua ar Scléip na hÓige ag an Oireachtas 2015 i mBaile Átha Cliath agus ar Chluichí Tailteann Ógras i nGaillimh Márta 2016.

Bhí imeachtaí réigiúnda ar siúl i ngach réigiún do chlubanna Ógras agus do chlubanna Óg-Ógras agus bhí idir 50 – 100 ball, chomh maith le ceannairí agus cuntóirí na gclubanna i láthair ag gach ceann de na himeachtaí sin.

Bhí Samhradh gnóthach ag Ógras le campa ar siúl ar fud na tíre i Mí Iúil.

Le linn Seachtain na Gaeilge d'eagraigh roinnt mhaith de chlubanna Ógras / Óg-Ógras imeachtaí don phobal ina gceantracha féin ach tá súil againn fás a chur leis an líon imeachtaí an bhliain seo chugainn. Ba mhaith linn go mbeadh gach club ag eagrú rud éigin don phobal le linn an tréimhse sin.

Bhí an Coiste Stiúrtha agus an Fó-Chosite Polasaithe gnóthach arís i mbliana ag obair an Threoirlínte Cosaint Leanaí atá anois críochnaithe agus ar fáil ar suíomh Ógras www.ogras.ie Tá na Treoirlínte in oiriúint do chlubanna Ógras ar fud na tíre – Tuaisceart agus Deisceart. D'ár ndóigh tá athruithe tagtha ar an bhealach go ndéantar Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána ar cheannairí deonacha agus beidh tuilleadh eolais faoi seo ag an Ógrastal féin.

Buíochas

Tá buíochas faoi leith ag dul do Chathaoirleach agus do Choiste Stiúrtha Ógras a chabhraíonn an eagraíocht a stiúradh agus a fhorbairt. Freisin tá buíochas ag dul do na ceannairí deonacha ar fad atá ag obair ar fud na tíre go dian dícheallach. D'ár ndóigh taimid fíor bhuíoch do na dreamanna ar fad a chuireann maoiniú ar fáil d'obair na heagraíochta – An Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige, Fóras na Gaeilge agus Roinn na Gaeltachta. Tá buíochas freisin ag dul d'fhoireann Ógras - Risteard Ó Fuaráin, Anna Ní Thuama, Elaine Scahill agus Blaithe de Búrca a oibríonn go díograsach don eagraíocht i gcónaí.

Maedhbh Ní Dhónaill

Stiúrthóir Ógras

Deireadh Fómhair 2016

RIALACHA SEASTA

- 1. Is é 20 teachta a bheidh mar líon gnó ag an Ógrastal.**
- 2. Cúig nóiméad cainte don té a mholann rún agus trí noiméad cainte don té a chuideoidh leis an rún.**
- 3. Níl cead ag éinne eile labhairt níos faide ná nóiméad.**
- 4. Níl cead ag éinne labhairt faoi dhó i dtaobh na ceiste céanna ach amháin an té a mholann rún. Beidh cead aici/aige críoch a chuir leis an díospóireacht agus labhairt ar feadh trí nóiméad ar a mhéid.**
- 5. Níl cead ag aon theachta aithris a dhéanamh ar chaint a bheidh ráite cheanna ag teachta eile.**
- 6. Ní ceadmhach aon rún a mholadh mura mbeidh teachta ón gCoiste nó ón gClub a chuir isteach é, i láthair chun é a mholadh nuair a shroichtar an rún ar an gclár.**
- 7. Beidh sé de chead ag daoine atá i láthair, ar chuireadh nó mar bhreathnadóirí, labhairt ar cheist ar bith le linn na Comhdhála ach cead a fháil ón gCathaoirleach roimh ré.**

Miontuairiscí

Miontuairiscí Chruinniú Cinnbhliana Ógras – Brú na Bóinne, Co. na Mí

28 Márta 2015

I Láthair:

Coiste Stiúrtha Ógras

Breandán Ó Cathasaigh (Cathaoirleach); Anita Nic Amhlaidh (Cisteoir) agus Máirín Uí Ghríofa (Leas-Chathaoirleach).

Óg-Ógras Dhún Géimhín, Co. Dhoire

Ciarnait Ní Ghribín, Aoife Nig Uiginn, Oisín Mac Iomhair, Peadar Ó hOisín, Tiernan Devlin agus J Duffy

An Fháirche, Co. na Gaillimhe

Leah Ní Dhúill

Cailseán Gearr, Co. na Gaillimhe

Victorija Pesaityte

An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe

Sonny Ní Chathasaigh, Annie Ní Dhubháin, Eileen Stanton agus Maggie.

Óg-Ógras Thrá Lí, Co. Chiarraí

Teddy D'Altúin

Ógras Chois Life

Líosa Nic Ghrianra agus Tomás Konstantin.

Club Óige an Dúin, Co. an Dúin

Danielle Graham, Stephen Rodgers, Michael Galbraith, Alex Kerry, Pádraig Doran, Louis Conway agus Fiachra Mac Croitir.

Óg-Ógras Ghaelscoil Mhic Amhlaoigh

Jacinta Ní Ghráinne.

Club Óige Uachtar Ríre, Co. an Dúin

Mary Mc Murrough agus Meabh Cawley.

Foireann

Maedhbh Ní Dhónaill, Stiúrthóir Ógras

Anna Ní Thuama, Oifigeach Forbartha Naisiúnta,

Risteard Ó Fuarain, Oifigeach Forbartha na Mumhan

Elaine Scahill, Oifigeach Forbartha Ealaíne

Rialacha Seasta

Glacadh leis na Rialacha Seasta. Molta ag Anita Nic Amhlaidh agus cuidithe ag Máirín Uí Ghríofa.

Miontuairiscí Ógrastal 2014

Glacadh leis na miontuairiscí, molta agus Máirín Uí Ghríofa agus cuidithe ag Anita Nic Amhlaidh.

Nithe astu

Ní raibh aon ní ag éirí as na miontuairiscí.

Fáilte

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na dteachtaí agus ghabh sé buíochas leo as ucht a bheith i láthair.

Tuairisc Bhliantúil

Chuaigh an Stiúrthóir tríd an tuairisc agus thug sí cuireadh do na teachtaí ceisteanna a chuir faoi aon mhír de. Labhair an Stiúrthóir faoi na himeachtaí éagsúla a bhí ar siúl i rith na bliana agus na himeachtaí a bhí beartaithe don bhlian amach romhainn.

Tuairisc ó na Clubanna

An Caisleán Gearr, Co. na Gaillimhe

19 cláraithe sa chlub seo. An-chuid ceardlanna ar siúl acu ar nós ceardlann drumadóireachta.

Ógras Mhic Dara, Co. na Gaillimhe

Os cionn 40 sa chlub agus éagsúlacht mhaith d'imeachtaí idir spóirt, drámaíocht agus ealaíon.

Ógras Uachtar Tíre, Caisleán Uileann, Co. an Dúin

Bhunaigh Glór Uachtar Tíre an club seo agus tá Ógras agus Óg-Ógras ann. Bhain siad duais aitheantais i Seó Ardáin 2015. Tá nasc láidir acu le Club Dhún Phádraig.

Dún Phádraig, Co. an Dúin

Club a thagann le chéile gach seachtain. Chuaigh siad go Béal Feirste roimh na Nollagle clubanna Óg-Ógras. Nasc an-mhaith le Caisleán Uileann.

Dún Geibhinn, Co. Dhoire

Os cionn 40 sa chlub. Chuaigh siad go Béal Feirste chomh maith roimh na Nollag do thuras Óg-Ógras.

Gaelscoil Mhic Amhlaidh, Co. na Gaillimhe

Éagsúlacht mhaith d'imeachtaí ar siúl sa chlub atá lonnaithe sa Ghaelscoil. An-bhuíoch do cheannairí.

Cill Dhéagláin, Co. na Mí

Bíonn siad rannpháirteach in imeachtaí réigiúnda agus náisiunta Ógras. Bhuail siad le hÓgras Chabhrach i mí Feabhra. Déanann siad bailiúcháin ar Lá Fhéile Pádraig.

Cois Life, Baile Átha Cliath

Tá an club seo lonnaithe i Leamhchán. Déanann siad iarracht a bheith rannpháirteach in imeachtaí réigiúnda agus náisiunta Ógras. Clár cuimsitheach atá oiriúnach do dhéagóirí ar siúl acu sa chlub.

Trá Lí, Co. Chiarraí

Tagann an club seo le chéile ag an KDYS i dTrá Lí ar an Aoine. Chuaigh siad go dtí an tIonad Dreapadóireachta sa Daingean fa choinne turas agus tá 25 ball sa chlub.

Nás na Ríogh, Co. Chill Dara

Os cionn 40 ball sa chlub seo agus ghlac siad páirt i malartaithe le clubanna eile agus tógann siad páirt in imeachtaí réigiúnda agus náisiúnta Ógras. Tá siad an-ghníomhach le ceardlanna.

An Fhairche, Co. na Gaillimhe

Tagann an club seo le chéile ar an Aoine san Ionad Pobail agus cuirtear imeachtaí éagsúla ar fáil do na baill.

Caint an Chathaoirligh

Thug an Cathaoirleach aitheantas do cheannairí agus d'fhoireann na heagraíochta. Dúirt sé go gcuireann sé áthas air go bhfuil eagraíocht phroifisiúnta chumasach ann. Bhí sé sásta chomh maith go raibh slua mór ag an gCruinniú Cinnbhliana agus is comhartha maith don eagraíocht é sin.

Thug sé ard-mholadh do na ceannairí deonacha as ucht an obair iontach a dhéanann siad leis na clubanna ar fud na tíre ó cheann ceann na bliana agus gan iad ní bheadh deis ag an méid sin daoine óga leas a bhaint as seirbhísí Ógras.

Na Rúin

1. Molann an tÓgrastal seo go ndéanfaidh na leasuithe seo a leanas ar Bhunreacht Ógras:

(i) Córam

Éileofar toiliú trian de bhaill an Choiste Stiúrtha móide duine amháin le haon chinneadh a dhéanfaidh an Coiste Stiúrtha a rith. Is é córam déanta cinntí aon trian de bhaill an Choiste Stiúrtha móide duine amháin. Ní chaithfidh aon bhall níos mó ná aon vóta amháin ach beidh an dara vóta nó vóta réitigh ag an gCathaoirleach i gcás comhionannas vótaí.

(ii) Freastal ar chruinnithe

Má theipeann ar aon bhall den Choiste Stiúrtha freastal ar thrí chruinniú coiste as a chéile gan leithscéal [réasúnta], caillfidh an ball sin a s(h)uíochán ar an gCoiste.

(iii) Díscaoileadh

Féadfar Ógras a dhíscaoileadh aon am ach rún a rith ag dhá thrían de na daoine siúd a bheidh i láthair agus a mbeidh de chumhacht acu vótaí a chaitheamh ag Cruinniú Ginearálta Urghnách d'Ógras, ar chuntar go seolfar fógra faoin gCruinniú sin chuig na baill uile d'Ógras agus den Choiste Stiúrtha 28 lá ghlana ar a laghad roimh ré.

Féadfar treoracha a thabhairt ina leithéid de rún chun críche aon socmhainní a bheidh i seilbh Ógras nó a bheidh in ainm Ógras a dhiúscairt, ar chuntar, má bhíonn aon mhaoin fágtha tar éis gach fiachas agus gach dliteanas a shásamh, go n-aistreofar a leithéid de mhaoin chuig a leithéid d'institiúid nó d'institiúidí carthanachta (a mbeidh cuspóirí acu a bheidh mar a gcéanna nó nach mór mar an

gcéanna le cuspóirí Ógras) a dhéadfaidh Ógras a chinneadh, faoi réir aon cheadaithe is gá.

(iv) Slánaíocht

Déanfaidh Ógras gach ball den Choiste Stiúrtha, gach oibrí deonach agus gach fostaí de chuid Ógras a shlánú agus a choinneáil slánaithe le haghaidh agus i gcoinne gach teideal, éileamh, gníomh agus imeacht (agus le haghaidh agus i gcoinne gach costas agus speansas a bhainfidh leo nó a eascróidh astu) a dhéanfar nó a thabharfar i gcoinne Ógras i ndáil lena chuid gníomhaíochtaí, i ndáil le gníomhaíochtaí oifigeach, baill, oibrithe deonacha nó fostaithe dá chuid, nó i ndáil lena chuid maoine agus trealamh, ach ní bheidh feidhm as an tslánaíocht seo i gcás dliteanas a eascróidh as calaois, as éagóir, nó as mainneachtain éagórach a rinne an t-oifigeach, an ball, an t-oibrí deonach nó an fostaí, a bhféachfar lena chur faoi dhliteanas, d'aon ghnó ina aonar.

(v) Coinbhleachtaí leasa agus coinbhleachtaí dílseachtaí

Ní mór do bhaill an Choiste Stiúrtha:

(a) nádúr agus réim aon leasa a fhógairt, bíodh sé díreach nó indíreach, atá acu in aon idirbheart nó in aon socrú atá beartaithe le hÓgras nó in aon idirbheart nó in aon socrú a rinne Ógras agus nach bhfuil fógartha cheana; agus

(b) Fanacht glan ar aon phlé de chuid an Choiste Stiúrtha ina bhféadfaidh coinbhleacht a éirí idir a ndualgas chun gníomhú ar leas Ógras amháin agus aon leas pearsanta (lena n-áirítear aon leas airgeadais pearsanta ach gan a bheith teoranta dó sin) a bheidh acu

Ní ceadmhach d'aon iontaobhaí de chuid Ógras a bheidh ag fanacht glan ar a leithéid de phlé de bhun na forála seo vóta a chaitheamh ar an ábhar agus ní ceart an t-iontaobhaí sin a chomhaireamh mar dhuine den chóram in aon chinneadh a dhéanfaidh iontaobhaithe Ógras ar an ábhar sin ach an oiread.

Molta ag Coiste Stiúrtha Ógras

Glacadh leis an rún d'aonghuth.

2. Molann an tÓgrastal seo go gcruthófaí nascanna idir Ógras agus eagraíochtaí san earnáil chultúrtha, m.sh. Comhaltas agus an Cumann Lúthchleas Gael.

Molta ag Óg-Ógras Thrá Lí

Mhol an Cathaoirleach an rún a leasú leis na focla seo a leanas a chur leis "Sa mhéid is a cabhraíonn sé le haidhmeanna agus leas Ógras."

Glacadh leis an rún leasaithe d'aonghuth.

3. Molann an tÓgrastal seo go gcruifí nuachtlitir ar fáil do bhaill Óg-Ógras ina mbeadh deis acu eolas a chur ann iad féin agus feiceail céard a bhíonn ar bun ag na clubanna eile.

Molta ag Óg-Ógras Mhic Dara, Gaillimh

Glacadh leis an rún.

4. Molann an tÓgrastal seo go gcuirfí níos mó béime ar thionscnamh a dhéanamh de réir gach téarma agus go gcuirfí acmhainní ar fáil chun tacaíocht a thabhairt do na clubanna na tionscnaimh sin a chur i bhfeidhm.

Molta ag Óg-Ógras an Chaisleán Gearr

Glacadh leis an rún

Na Toghcháin

Coiste Gnó Chonradh na Gaeilge

Ní raibh ach ainmniúchán amháin , dá bhrí sin toghadh Breandán Ó Cathasaigh mar ionadaí Ógras ar Choiste Gnó Chonradh na Gaeilge.

Coiste Stiúrtha Ógras – Triúr Treoraí le toghadh

Teddy D’Altuin	Óg-Ógras Thrá Lí
Bríd Mc Donagh	Óg-Ógras Maigh Cuilinn
Gráinne Ní Chathain	Ógras Lurgaigh, Doire

Ní raibh ach trí ainmniúchán agus dá bhrí sin toghadh an triúr.

Coiste Stiúrtha Ógras – Ceathrar Ball le toghadh

Grace Ní Chonbhuí	Óg-Ógras Mhic Amhlaigh
Sara Ní Fhéinneadh	Óg-Ógras Mhic Amhlaigh
Rónán Ó Gormán	Óg-Ógras An Chaisleán Gearr

Triúr Tofa agus cóthoghfear duine amháin eile ag an gcéad cruinniú eile de Choiste Stiúrtha Ógras.

Aon ghnó eile

Ní raibh aon ghnó eile le plé.

Ghabh an Cathaoirleach, buíochas le gach duine as a gcuid comhoibrithe agus chuir sé deireadh leis an Chruinniú Cinnbhliana.

Imeachtaí 2016-16

Scléip na hÓige – Baile Átha Cliath

Ghlac breis is fiche ball do chlubanna Laighean, Connacht agus Mumhan páirt i Scléip na hÓige a bhí ar siúl i City West i mBaile Átha Cliath. Ghlac baill Ógras páirt sna himeachtaí ar nós Tráth na gCeist, Ceilí agus Turas chuig Drom Rí i gContae na Mí

Cluichí Tailteann – Gaillimh 22,23 & 24 Aibreán

Tháinig clubanna An Chairn, Cois Life, Léim an Bhradáin agus Cill Dhéagláin chuig na Cluichí Tailteann- Bhí Seo Talainn bheag againn an chéad oíche i gCathair na Gaillimhe chun fáilte a chuir roimh gach duine. Ar an Satharn thosaigh na cluichí go luath ar maidin i Maigh Cuilinn agus d' éirigh go hiontach leo. Bhí Ceilí agus bronnadh duaiseanna ann oíche dé Satharn agus bhain gach duine an-sult as. D'imigh gach duine leo abhaile go luath maidin Domhnaigh.

Turas na Nollag Ógras Laighean – K- Bowl, Nás na Ríogh- Nollaig 2015

D'fhreastal Nás, Cois Life, Léim an Bhradáin agus Cill Dhéagláin ar an turas seo. Baineadh an-taitneamh ar fad as – Bhí soláistí ar fáil ar an oíche agus chuir na clubanna aithne níos fearr ar a chéile.

Turas na Nollag Óg-Ógras Laighean 2015

Tháinig clubanna an Bhradáin Feasa, Marino, Inse Chór, Nás na Ríogh agus Léim an Bhradáin chuig an turas seo – Is ag The Zone san Uaimh a bhí sé ar siúl. D'éirigh go hiontach leis agus bhain baill agus ceannairí an-thaitneamh ar fad as. Bhí soláistí ar fáil do gach duine.

Turas na Nollag Ógras Uladh 2015

D'imigh clubanna Ógras Uladh ag scátáil agus ag babhláil i nDún Domhnaill – Clubanna Chaisleán a Mhuilinn, Dún Phádraig, An Ómaigh agus an tSráth Bhán a ghlac páirt. Chuir baill nua an Omaigh aithne ar na baill eile.

Lá Spóirt i gCuige Uladh – Bealtaine 2016

Bhí Lá Spóirt do chlubann Uladh i gCros Mhic Lionnáin. Chuaigh clubanna Óg Ógras an Chabhán, Óg-Ógras an Dúin, Óg-Ógras Caisleán Uidhlín agus Óg-Ógras Orialla ann . Bhain gach duine an-thaitneamh as na cluichí a bhí ar siúl agus an chaidreamh dheas agus iad ag ithe roinnt bia ina dhiaidh. Bronnadh boinn orthu siúd a bhuaigh cluichí agus rásaí éagsúla.

Turas Nollag na Gaillimhe 2015

D'fhreastal os cionn 100 duine óg idir chlubanna Óg-Ógras Maigh Cuilinn, Gaelscoil Mhic Amhlaigh, An Chaisleán Gearr, An Fháirche agus Óg Ógras Ghaelscoil Dara ar thuras na Gaillimhe ar an 12ú Nollaig 2016. Chuaigh siad chuig pictiúrlann an Eye, a chur léiriú príomhaideach d'Amhrán na Mara ar siúl do chlubanna Ógras.

Turas na Mumhan 2016

Chuaigh 48 ar thuras go Trabolgan ar an 18 Meitheamh. Bhí baill ó Bhaile Uí Thaidhg, Baile an Mhuilinn, Tra Lí agus Corcaigh rannpháirteach. Bhí 8 ceannairí leo. Bhain an grúpa taitneamh as imeachtaí éagsúla idir spóirt, cluichí forbartha agus 'Zip-Wiring'. Bhí na rannpháirtithe sásta le himeachtaí an lae.

Turas Lae Connacht 2016

Bhí turas lae Chonnachta ar siúl ar an 1ú Bealtaine 2016. Chuaigh clubanna Óg-Ógras Mhaigh Cuilinn, Óg-Ógras An Fháirche, Óg-Ógras Gaelscoil Dara agus Óg-Ógras An Chaisleán Gearr chuig ionad eachtraíochta Delphi i gConamara. Bhí an-chuid siamsaíochta agus spraoi ag gach duine ar an lá.

Seó Ardán

Seó Árdáin Cúige Chonnacht 2016

Bhí Seó Árdáin Connacht ar siúl ar an 8ú Márta 2016 i Seanscoil Shailearna, Indreabhán. Ghlac trí ghrúpa idir Maigh Cuilinn, Eanach Dhúin agus Óg Ógras Ghaelscoil Dara páirt ar an lá agus d'éirigh go han-mhaith leis na grúpaí ar fad a léirigh drámaí bunaithe ar théama 2016. Chabhraigh tuismitheoirí agus ceannairí ar an lá le tae, caifé agus sólaistí a chuir ar fáil d'os cionn céad duine a bhí i lathair ar an lá. Comhghairdeas mór leis na clubanna a ghlac páirt agus den obair ar fad a rinne siad chun drámaí samhlaíthe agus spraoiúil a léiriú ar an lá.

Seo Árdain Laighean 2016

Bhí Seó Árdáin Laighean ar siúl ar an 6ú Márta 2016 i Scoil Uí Dhálaigh, Léim an Bhradáin, Co Chill Dara. Ghlac trí ghrúpa ó Óg-Ógras Seanchill, grúpa ó Óg-Ógras Léim an Bhradáin agus grúpa ó Óg-Ógras Marino páirt ar an lá agus d'éirigh go han-mhaith leis na grúpaí ar fad. An téama a bhí againn i mbliana bhí sé bunaithe ar ábhair stairiúla 2016. Bhí freastal dheas ar an ócáid agus bhain idir daoine óga, tuismitheoirí agus ceannairí an-taitneamh as.

Árdán- Amharclann Óige Ógras

Bhunaigh Ógras amharclann óige sa Taibhdhearc i Mí na Samhna 2015. Is club do dhaoine óga os cionn 13 bliain d'aois a bhí ann agus is Diarmuid de Faoite agus Neasa Ní Chuainaigh a bhí i mbun na ceardlanna drámaíochta. Bhí seó deireadh bliaina acu a chum na daoine óga iad féin bunaithe ar théamaí an ghrá agus meabhairshláinte.

Cláracha

Clár Meabhairshláinte Píolótach agus Darkness Into Light

Ghlac naonar ó Ógras na Coiribe páirt i gclár píolótach meabhairshláinte a bhí á reáchtáil ag Oifigeach Forbarth Ealaíne Ógras, Elaine Scahill. Bhí an clár ar siúl ó mhí Eanáir go mí Márta 2016 agus d'éirigh go han-mhaith leis. Chuaigh cearthar do na rannpháirtithe ar aghaidh

chun tacaíocht a thabhairt d'obair dheonach a dhéanamh don siúlóid *Darkness Into Light* ar an 7ú Bealtaine 2016.

Clár Ceoil

Cuireadh tús le cláracha óige éagsúla. Tá an Clár Ceoil tosaithe ag Óg-Ógras Seanchill agus tá siad ag baint an-tairbhe as. An aidhm atá leis an gClár seo ach go háirithe ná muinín an duine óg a mhéadú agus cruthaitheach ceoil a fhorbairt. Uaireanta bíonn sé níos éasca do dhaoine óga iad fhéin a chur in iúl le ceol agus rithim.

Bhí níos mó baill ag lorg áite i gclubanna Óg-Ógras an Chabhán, Marino, Seanchill, Inse Chór, **Biorra** agus an Bradán Feasa. Tá sé i gceist cláracha óige a chur i bhfeidhm sna clubanna seo i mbliana mar chuid do phlean bliana na gclubanna.

Tionscnamh Féiniúlachta Chois Fharraige

Bhí Ógras ag obair leis an bhFóram Pleanála Teanga, Cois Fharraige chun clár óige bunaithe ar an dtéama “Féiniúlacht” a sholáthar do dhaoine óga sa cheantair. Ghlac ochtar as Scoil Chroí Mhuire, an Spidéal agus ochtar ó Choláiste Cholmchille, Indreabhán páirt sa tionscnamh a d’úsáid teicneolaíocht agus treallamh Techspace chun dhá gearr scannán a chruthú bunaithe ar thábhacht na Gaeilge ina saol pearsanta. Chuir an clár seo leis an taighde a bhí ar bun ag an bhFóram Pleanáil Teanga.

Cúrsaí & Oiliúint

Cúrsa Ceannaireachta i mBaile Átha Cliath – Feabhra 2016

D’fhreastal suas le 10 ceannaire sa cheantar seo ar chúrsa ceannaireachta i Mí Feabhra in Oifigí Ógras, Sráid Fhearchair. Ceannairí ó chlubbanna Nás na Rí, An Chabhán, Inse Chor agus Bradán Feasa a d’fhreastal ar an gcúrsa seo.

Cúrsa Ceannaireachta agus Cúrsa Cosaint Leanaí i gCúige Mumhan

Bhí cúrsa ceannaireachta ar siúl i nGaelcholáiste Chiarraí do Cheannairí Thrá Lí, Baile Uí Thaidhg, Baile an Mhuilinn agus Lios Tuathail níos luaithe i mbliana.

Gan mhoill ina dhiaidh sin eagraíodh cúrsa ceannaireachta i gCorcaigh, i Luimneach agus i nDeisceart Chiarraí do na ceannairí sna ceantarcha sin.

Cúrsa Cosaint Páistí 2016

Bhí Cúrsa Cosaint Páistí ar siúl san Carmelite Centre ar Satharn 7 Bealtaine. D’fhreastal ceannairí ó Ógras Orialla, Cill Dhéagláin, Marino, Inse Chor, Seanchill, Nás agus Léim an Bhradáin air.

Cúrsa lae Techspace – ‘Digital Media’ Aibreán 2016

Bhí naonúr ceannaire ó Chúige Laighean a d’fhreastal ar Chúrsa Techspace i Mí Aibreán i dTamhlacht. Bhí ceannairí ó Seanchill, Nás, Inse Chor, Marino agus Léim an Bhradáin ar an gcúrsa seo agus tá súil againn go mbeidh na clubanna seo ag baint úsáid as an teicneolaíocht

sa chlub i rith na bliana. Beidh Ógras ag tabhairt cabhair maidir leis antreallamh a chuir ar fáil.

Ceardlanna

Baile Uí Thaidhg – Amhránaíocht agus Rince ar an tSean-Nós

Trá Lí - Rince ar an tSean-Nós agus Ealaín

Gníomh go Leith – Rince ar an tSean-Nós

Corcaigh – Ealaín

Lios Tuathail – Ealaín

Luimneach – Ceol, Damhsa agus Ealaín

Baile an Mhuilinn – Rince ar an tSean-Nós

Marino – Damhsa Cathrach meascaithe le sean-nós,

Seanchill – Sean-Nós, Drumaí, Cócaireacht

Oirialla – Ceardlann Drumaí

Cill Dhéagláin – Yoga

Caisleán Gearr – Ceardlanna Drumaí

Bradán Feasa – Damhsa Sean-Nós

Nás na Ríogh- Drumaí

Léim an Bhradáin - Drumaí

Campaí Samhraidh 2016

Bhí campa samhraidh Techspace ar siúl i Maigh Cuilinn i mí Meithimh 2016. D'fhoghlaim na rannphairtíthe scileanna in *Adobe Photoshop* agus *Adobe Premier Elements*. Chruthaigh siad póstaeir agus dhá gearr scannán a taispeánadh ag Féile eagraithe ag Foróige.

Chomh maith le sin bhí Campa Gaeilge ar siúl ar fud na tíre ag Ógras le linn Mí Iúil. D'éirigh go hiontach leis na Campaí go léir thíos luaite. Eagraíodh turas lae i ngach Campa timpeall na tíre.

4-8 Iúil

Cill Dara

Gaelscoil Nás na Ríogh, Nás, Co Chill Dara

Loch Garman

Meanscoil Gharman, Inis Corthaigh

Uibh Fháille

Biorra , Ionad Eachtraíochta, Co. Uíbh Fháille

Co. Chiarraí

An Gleann, Co. Chiarraí

11-15 Iúil

BÁC

Baile na Manach, Scoil Lorcáin, Co. Átha Cliath

Ráth maoinis

Uibh Fháille

Lusmá

Co. Chiarraí

Gníomh go Leith

18-22 Iúil

BÁC

Marino,

Seanchill

Gaillimh

Gaelscoil Dhara, Gaillimh

Co. Chiarraí

Baile an Mhuilinn

Trá Lí

25-29 Iúil

Co. Chiarraí

Baile Uí Thaidhg

Coiste Stiúrtha Ógras

Uachtarán Chonradh na Gaeilge nó an tArd-Rúnaí

Coilín Ó Cearbhaill nó

Julian de Spáinn

Cathaoirleach

Breandán Ó Cathasaigh

Leas Chathaoirleach

Mairín Uí Ghríofa

Cisteoir

Anita Nic Amhlaoidh

Ionadaí Ó Choiste Gnó Chonradh na Gaeilge

Paula Melvin

Fionn Ó Deá (go Feabhra 2016)

Maria Schaler (ó Feabhra 2016)

Na Baill Eile

Ciara Nic Gabhann

Teddy D'Altúin

Grace Ní Chonbhuí

Sara Ní Fheinneadha

Gráinne Ní Chathain

Bríd Mc Donagh

CATHAOIRLIGH ÓGRAS

1971/'73	Seán Mac Mathúna
1973/'75	Mairéad Bn. Uí Dhomhnaill
1975/'77	Micheál Mac Gréil, S.J.
1977/'78	Niall Ó Muilleoir
1978/'79	Seán de Paor
1979/'80	Ciarán Ó Feinneadha
1980/'81	Seán de Paor
1981/'83	Pádraig Ó Duibhir
1983/'85	Deaglán de Paor
1985/'88	Pádraig Ó Sabhain
1988/'89	Antóin Mac Cárthaigh
1989/'90	Fiona de Staic
1990/'92	Seán Óg Ó Coisdealbha
1992/'94	Aodhán Ó Meachair
1994/'97	Pádraig de Búrca
1997/2005	Máirín Uí Ghríofa
2005/'	Breandán Ó Cathasaigh

Ainmniúcháin do na Toghcháin

Coiste Gnó Chonradh na Gaeilge

Ainm

Breandán Ó Cathasaigh

Gasra

Ógras Dhéagláin

Ainmnithe ag

Ógras Dhéaglain

Coiste Stiúrtha Ógras – Triúr Treoraí le toghadh

Ainm

Cara Uí Bhriain

Gasra

Óg-Ógras Luimnigh

Ainmnithe ag

Óg-Ógras Luimnigh

Coiste Stiúrtha Ógras – Ceathrar Ball le toghadh

Ainm

Gasra

Ainmnithe ag